2022. S24T

2022J004C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022

# Stair

## Comhleibhéal

**Déardaoin 9 Meitheamh** **Tráthnóna 1:30 - 3:30**

360 marc

**Scrúduimhir** | | | | | |

**Lá agus Mí do Bhreithe** | | | | |

Mar shampla, cuirtear 3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

| Don Scrúdaitheoir | | |
|---|---|---|
| **1.** | | |
| **2.** | | |
| **3.** | | |
| **4.** | | |
| **5.** | | |
| **6.** | | |
| **7.** | | |
| **8.** | | |

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Iomlán | |
| Bónas | |
| **Móriom.** | |
| Grád | |

## Treoracha

Tá **ocht** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás fágtha faoi choinne obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Cuir lipéad ar aon obair bhreise mar sin a thaispeánfaidh uimhir agus cuid na ceiste go soiléir.

**Ceist 1**

Rinneadh tochailt seandálaíochta ag Pointe an Dúin i gContae Chiarraí i mí na Bealtaine - mí an Mheithimh, 2021. Úsáid an fótagraf agus an tuairisc thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.



Is stráice fada cúng talún é Pointe an Dúin a shíneann 500 méadar amach san fharraige. Is ceann de 95 dún cinn tíre cósta é ar leithinis an Daingin, iad ar fad i mbaol creimeadh cósta.

Deir Sandra Henry, príomhsheandálaí an tionscadail, 'Is é an fáth a bhfuilimid i mbun na tochailte seo ná go bhfuilimid ag iarraidh a oiread eolais agus is féidir a bhailiú mar go bhfuil na háiteanna seo i mbaol méadaitheach de bharr creimthe, titim aille agus leibhéil na farraige a bheith ag ardú.'

Measann Donncha Ó Corráin, feirmeoir áitiúil, go bhfuil thart ar leath acra den dún cinn tíre i ndiaidh titim isteach san fharraige. Tá leibhéil ardaithe na farraige agus méadú ar líon na dtitim carraigeacha tugtha faoi deara aige.

**(a)** Cén áit in Éirinn a bhfuil Pointe an Dúin?

**(b)** Cathain a rinneadh an tochailt?

**(c)** Cén ról a bhí ag Sandra Henry sa tochailt?

**(d)** Cén fhianaise ón bhfótagraf agus ón tuairisc a thaispeánann tionchar an athrú aeráide ar Pointe an Dúin?

**(e)** Úsáideadh as drón chun an fótagraf a ghlacadh. Mínigh an fáth a bhfuil teicneolaíocht drón ina uirlis áisiúil ag seandálaithe.

**(f)** Ainmnigh **dhá** uirlis eile a úsáideann seandálaithe, agus mínigh go hachomair conas a úsáidtear iad.

**(g)** Roghnaigh topaic as cúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí a dtig leat a nascadh leis an seandálaíocht e.g.,

- sibhialtacht ársa nó mheánaoiseach ainmnithe
- Éire na Luath-Chríostaíochta
- patrún lonnaíochta in Éirinn
- topaic ainmnithe eile de do rogha féin.

Conas a chuidigh fianaise sheandálaíochta leat foghlaim faoi **thrí** ghné dhifriúla den topaic sin?

| Ainm na topaice: |
|---|
| An dóigh ar chuidigh fianaise sheandálaíochta leat foghlaim faoin topaic: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Ba thráth athraithe in a lán réimíe foghlama é an Renaissance.  Sna pictiúir thíos, tugann an tAingeal Gaibriéil teachtaireacht do Mhuire go bhfuil sí roghnaithe ag Dia le bheith ina máthair ag Íosa.  Amharc ar an dá phictiúr agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.



**Foinse 1:**
*Teachtaireacht an Aingil*
le Simone Martini,
c. 1333.
Gailearaí Uffizi,
Flórans.



**Foinse 2:**
*Teachtaireacht an Aingil*
le Piermatteo d'Amelia,
c. 1487.
Músaem Isabella
Stewart Gardner,
Bostún.

**(a)** Cad atá comhchosúil agus cad atá difriúil sa léiriú ar Mhuire sa dá phictiúr? (Tá Muire ar thaobh na láimhe deise sa dá phictiúr.)

**(b)** Ón staidéar a rinne tú ar fhorbairtí ealaíonta le linn an Renaissance, mínigh **trí** ghné d'ealaín an Renaissance agus samplaí as an **dara** pictiúr á n-úsáid agat.

**(c)** Déan cur síos ar phríomhéachtaí ealaíontóir amháin ó ré an Renaissance a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi le linn chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.


| |
|---|
| Ainm an ealaíontóra: |
| Éachtaí: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Seachas an ealaín, roghnaigh **dhá** réimse foghlama inar tharla athrú le linn ré an Renaissance, e.g., litríocht, ailtireacht, míochaine, eolaíocht, etc.
Tabhair breac-chuntas ar athrú mór **amháin** a rinneadh i ngach réimse acu.

| |
|---|
| An chéad réimse foghlama: |
| Athrú: |
| |
| |
| |
| An dara réimse foghlama: |
| Athrú: |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

Baineann an líne ama thíos leis an taiscéalaíocht agus le concas an Domhain Úir. Scrúdaigh an líne ama agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Cé mhéad deich mbliana a léirítear ar an líne ama?

**(b)** Tarraing saigheada chun gach eachtra a nascadh leis an dáta ceart ar an líne ama.
Tá an chéad saighead tarraingthe cheana duit.

**(c)** Luaigh eachtra **amháin** eile i stair na hÉireann nó i stair na hEorpa a tharla thart ar an am céanna agus a tharla na heachtraí atá luaite ar an líne ama (1490-1540).

**(d)** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na heachtraí/forbairtí a luaitear ar an líne ama. Mínigh an dóigh a ndeachaigh sé sin i gcion ar dhaoine sa Domhan Úr agus/nó san Eoraip.

**Ceist 4**

Seo ceist bunaithe ar réabhlóidí/reibiliúin a tharla roimh an fhichiú haois.

**(a)** Ainmnigh réabhlóid a tharla roimh an fhichiú haois san Eoraip nó sa domhan mór a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**(b)** Scríobh cuntas ar chúiseanna agus/nó thionchar na réabhlóide a ndearna tú staidéar uirthi.

Baineann na foinsí seo a leanas leis na hÉireannaigh Aontaithe a d'éirigh amach i gcoinne riail Shasana in Éirinn in 1798. Scrúdaigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1:** *Éireannaigh Aontaithe ar Dualgas* le James Gillray, 12 Meitheamh 1798.




**Foinse 2:** sliocht as dialann Elizabeth Richards, Contae Loch Garman, 30 Bealtaine 1798.

Ar maidin tháinig fear ag marcaíocht ar muin capaill isteach sa chlós agus claíomh tarraingthe ina lámh aige. D'éiligh sé go gcuirfí bia go campa na reibiliúnach.

'Tá muid stiúgtha leis an ocras, a bhean chóir', ar sé le Bean Mhic Giolla Chatáin. 'Cuir soláthairtí chugainn nó --' bhuail sé a chlaíomh go borb ar cheann an chaidéil.

'D'fhéadfadh an rialtas mo réadmhaoin a choigistiú [ghabháil] as cuidiú le reibiliúnaigh,' arsa Bean Mhic Giolla Chatáin. 'Mura ndéanann tú amhlaidh, dúnmharófar tú,' an freagra a fuair sí.

Cuireadh seanfhear go campa na reibiliúnach le cairt luchtaithe le bagúin, prátaí, etc., as ar ghabh ceannairí na reibiliúnach buíochas le Bean Mhic Giolla Chatáin.

**(c)** De réir an ealaíontóra i bhFoinse 1, cad atá ar siúl in Éirinn? Luaigh fianaise ón líníocht mar thacaíocht le do phointí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** An foinse phríomhúil nó foinse thánaisteach í Foinse 2? Tabhair fáth le do fhreagra.

| |
|---|
| Príomhúil nó tánaisteach: |
| Fáth: |
| |
| |
| |

**(e)** I bhFoinse 2, an dóigh leat go bhfuil Elizabeth Richards dearfach, diúltach nó neodrach ina cuntas ar na reibiliúnaigh? Tabhair fáth le do fhreagra bunaithe ar fhianaise as Foinse 2.

| |
|---|
| Dearfach, diúltach nó neodrach: |
| Fáth: |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Chuaigh breis agus milliún duine as Éirinn ar imirce sna 1840idí/1850idí. Baineann na foinsí thíos le long a tháinig i dtír i Nua-Eabhrach ar 30 Samhain 1853 ina raibh eisimircigh as Éirinn. Scrúdaigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1:** sliocht as nuachtán ina gcuirtear síos ar an long agus ar a cuid paisinéirí.

D'fhág an long, *Marathon*, Learpholl ar an 22 Meán Fómhair agus 522 paisinéir ar bord, a bhformhór as Éirinn. Shroich sí Nua-Eabhrach tar éis 59 lá ar an bhfarraige. Lena linn sin chaill sí 64 duine de dheasca ráig chalair.

Bhí na paisinéirí i ríocht bochtaineachta agus brocamais thar a bheith ainnis. Bhí siad curtha ar dhá dheic, ceann os cionn a chéile. Bhí brocamas bréan ar fud na ndeiceanna.

Bhí soláthairtí (bia) na bpaisinéirí ídithe trí seachtaine sular bhuail an long port. Dá gcuirfí moill cúpla lá eile ar an long, gheobhadh na daoine bás den ocras.

**Foinse 2:** sliocht as seacht gcolún de liosta paisinéirí na loinge.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Róise Ni Mhórdha | 25 | Baineannach | Searbhónta | Éire | S. A. M. | |
| Seán Mac Giolla Phádraig | 24 | Fireannach | Saothraí | Éire | S. A. M | |
| Máire Nic Giolla Phádraig | 15 | Baineannach | Searbhónta | Éire | S. A. M. | |
| Siobhán Nic Giolla Phádraig | 40 | Baineannach | Searbhónta | Éire | S. A. M. | |
| Seán Mac Giolla Phádraig | 50 | Fireannach | Saothraí | Éire | S. A. M. | Básaithe |
| Seán Mac Giolla Phádraig | 5 | Fireannach | Páiste | Éire | S. A. M. | |
| Máire Ní Raghailligh | 29 | Baineannach | Searbhónta | Éire | S. A. M. | Básaithe |
| Pádraig Ó Raghailligh | 9 | Fireannach | Páiste | Éire | S. A. M. | Básaithe |
| **Mairéad Ní Raghailligh** | 7 | Baineannach | Páiste | Éire | S. A. M. | |
| Bríd Ní Raghailligh | 5 | Baineannach | Páiste | Éire | S. A. M. | Básaithe |

**(a)** Cén áit ar chuir an *Marathon* chun farraige agus cá fhad a mhair an turas?

| |
|---|
| Áit tosaithe: |
| Fad an turais: |

**(b)** Cé mhéad paisinéirí a tháinig slán, agus cé mhéad a cailleadh, ar an turas go Nua-Eabhrac?

| | |
|---|---|
| Tháinig slán: | Cailleadh: |

**(c)** I bhFoinse 1, luaigh **trí** dheacracht a bhí ag na paisinéirí ar an *Marathon*? Bíodh tagairt agat don fhoinse chun tacú le gach pointe.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Mol ceannteideal feiliúnach do gach colúin i bhfoinse 2. Tá colún 6 déanta cheana duit.

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |
| 6. | Ceann Scríbe |
| 7. | |

**(e)** Duine de na paisinéirí a ainmnítear i bhFoinse 2 is ea Mairéad Ní Raghallaigh.
Céard iad na fíricí a dtiocfadh le staraí a scríobh fúithi, agus an **dá** fhoinse á n-úsáid?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Chuir cath na gCeithre Chúirteanna tús le Cogadh Cathartha na hÉireann. Laistigh de phurláin na gCeithre Chúirteanna, bhí taifid stáit ag dul siar go dtí na 1100idí in Oifig na dTaifead Poiblí (PRO).



**Fótagraf 1**



**Fótagraf 2**



**Fótagraf 3**



**Fótagraf 4**

**(a)** Amharc ar na fótagraif agus meaitseáil gach ceann díobh leis an bhfoscríbhinn cheart.

| Foscríbhinn | Fótagraf |
|---|---|
| An fhoireann ag obair in Oifig na dTaifead Poiblí (PRO) in 1914. | |
| Scrios pléascadh ollmhór agus dóiteán an PRO, 30 Meitheamh 1922. | |
| Blúirí de dhoiciméid lasmuigh d'Ard-Oifig an Phoist (GPO), ciliméadar ar shiúl. | |
| Fothrach an PRO nuair a bhí an troid thart. | |

Thug an cartlannaí, Catriona Crowe, caint ar scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí.
Léigh an sliocht seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

I mí Aibreáin 1922, ghlac fórsa armtha de chuid Óglaigh na hÉireann frith-Chonartha seilbh ar na Ceithre Chúirteanna. Tosaíodh ionsaí an rialtais ar na Ceithre Chúirteanna ar 28 Meitheamh. Ag 12.30 ar 30 Meitheamh, tharla pléascadh ollmhór, agus leath dóiteán go dtí Oifig na dTaifead Poiblí.

Ar na taifid a cailleadh sa dóiteán bhí na taifid daonáirimh ó 1821, 1831, 1841 agus 1851. I measc taifead eile bhí taifid eaglasta ag dul siar go 1174, taifid cúirteanna, taifid mhíleata, agus taifid ina raibh sonraí faoi aistrithe móra talún an 17 haois déag. Cailleadh freisin taifid pharóiste Eaglais na hÉireann agus a lán uachtanna dátaithe siar go dtí an 16 haois déag.

Bhí sé ar cheann de na tubaistí cultúrtha ba mhó a bhuail aon tír riamh, agus rinne muid orainn féin é. Ní bheidh a fhios againn choíche cén damáiste a rinneadh do scríobh stair na hÉireann bunaithe ar fhoinsí príomhúla.

**(b)** Cén dáta ar scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí (PRO)?

| |
|---|
| |

**(c)** Luaigh **trí** chineál dhifriúla taifead a scriosadh sa dóiteán sa PRO.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(d)** Roghnaigh tuairim **amháin** atá luaite sa sliocht thuas agus mínigh cé acu an aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an tuairim sin.

| |
|---|
| Tuairim: |
| |
| Aontaím/ní aontaím: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Luaigh **dhá** dhifríocht atá idir cartlann agus leabharlann.

**(f)** Scríobh cuntas gairid ar Chogadh Cathartha na hÉireann, 1922-1923.

**Ceist 7**

Anseo thíos tá deich ráiteas faoin Uileloscadh (Holocaust).

**(a)** Tá téarma amháin as an mbosca meaitseáilte le ráiteas sa tábla thíos.
Meaitseáil **sé** théarma eile as an mbosca le ráitis sa tábla thíos.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Kristallnacht | An RéiteachDeireanach | bolscaireacht | geiteo | Mein Kampf |
| ~~Wannsee~~ | frith-Sheimíteachas | cinedhíothú | pogram | Nuremberg |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Naimhdeas nó claontacht i gcoinne daoine Giúdacha: | |
| 2. | Scríobh Hitler i leabhar faoin ghráin a bhí aige ar dhaoine Giúdacha: | |
| 3. | Scaipeadh eagraithe faisnéise le háitiú ar dhaoine tuairim áirithe a chreidiúint: | |
| 4. | In 1935, thug na Naitsithe isteach dlíthe a dúirt nach raibh Giúdaigh Ghearmánacha ina saoránaigh Ghearmánacha níos mó agus go raibh toirmeasc ar dhaoine Giúdacha daoine neamh-Ghiúdacha a phósadh. Ainmníodh na dlíthe seo i ndiaidh chathair: | |
| 5. | Ionsaí nó círéib eagraithe i gcoinne grúpa reiligiúnaigh: | |
| 6. | I Samhain 1938, d’eagraigh na Naitsithe ionsaí ar shionagóga, ar thithe agus ar ghnólachtaí Giúdacha ar fud na Gearmáine agus na hOstaire. Maraíodh beagnach 100 duine Giúdach agus gabhadh 30,000 Giúdach. Is minic a thugtar é seo ar an ionsaí sin: | |
| 7. | Limistéar cathrach a bhí róphlódaithe agus cosanta go dlúth agus inar cuireadh iallach ar dhaoine Giúdacha maireachtáil scoite amach ó dhaoine neamh-Ghiúdacha: | |
| 8. | An choir a ghabhann le hiarracht a dhéanamh grúpa daoine a scriosadh go hiomlán, bunaithe ar a gcúlra reiligiúnach, náisiúnta, ciniúil nó eitneach: | |
| 9. | Ag comhdháil in Eanáir 1942, chinn ceannairí Naitsíocha na daoine Giúdach go léir san Eoraip a mharú, 4,000 Giúdach Éireannacha san áireamh. Reáchtáladh an chomhdháil seo i: | Wannsee |
| 10. | Plean na Naitsithe na daoine Giúdacha uile san Eoraip a mharú: | |

**(b)** Ón staidéar a rinne tú ar an Uileloscadh, mínigh an fáth a raibh Kristallnacht mar uair na cinniúna i gcás ghéarleanúint na Naitsíoch ar dhaoine Giúdacha.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Cén fhianaise faoin Uileloscadh a thugann **trí** chineál dhifriúla foinsí?

| |
|---|
| Foinse 1: |
| Fianaise: |
| |
| Foinse 2: |
| Fianaise: |
| |
| Foinse 3: |
| Fianaise: |
| |

**(d)** Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an Uileloscadh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

Amharc ar an bhfógra seo agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Cén áit in Éirinn a bhfuil an músaem seo suite?

**(b)** Céard é an seoladh atá ar shuíomh gréasáin an mhúsaeim?

**(c)** Luaigh **dhá** chineál eolais a mbeifeá ag súil le fáil ar shuíomh gréasáin músaeim le cuidiú leat cuairt ar an mhúsaem sin a phleanáil.

**(d)** Luaigh **dhá** thopaic a dtiocfadh leat foghlaim fúthu ag an músaem seo.

**(e)** Rinne tú staidéar ar na 1960idí mar dheich bliana thábhachtacha i stair na hÉireann, na hEorpa agus/nó an domhain. Ainmnigh pearsa, ceist nó eachtra amháin ó na 1960idí a ndearna tú staidéar air/uirthi.

**(f)** Go hachomair, cén fáth a meastar an phearsa, cheist nó eachtra seo a bheith suntasach ó thaobh na staire de?

Tugann Gillian Ní Bhriain, staraí, an chomhairle seo faoi chur le chéile taispeántas músaeim:

> Tá réada agus doiciméid ríthábhachtach, ach is féadann fótagraif, scannán agus fianaise ó bhéal a bheith fíorspéisiúil chomh maith.

**(g)** Luaigh **trí** shampla de réada, dhoiciméid agus/nó mhodhanna eile cuir i láthair a d'úsáidfeá chun taispeántas músaeim a chur le chéile faoin phearsa, cheist nó eachtra seo sna 1960idí. Cosain do rogha.

**(g)** (Ar lean):

Spás roghnach le haghaidh obair bhreise: lipéadaigh go soiléir aon obair bhreise le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach le haghaidh obair bhreise: lipéadaigh go soiléir aon obair bhreise le huimhir agus cuid na ceiste.

| Spás roghnach le haghaidh obair bhreise: lipéadaigh go soiléir aon obair bhreise le huimhir agus cuid na ceiste. |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Pleanáil nó obair gharbh roghnach:

**Admhálacha**

lch. 3 Fótagraf as *Archaeology Ireland*, Iml. 35, No. 3, Fómhar 2021.
Tuairisc arna chóiriú as "Race against the tide" le Clodagh Finn, *Irish Examiner*, 12/06/2021.

lch. 6 Simone Martini, "Teachtaireacht an Aingil", c. 1333, Gailearaí Uffizi, Flórans. Ar fáil ag https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/e/e0/Simone_Martini_077.jpg (Arna rochtain: 08/11/2021).
Piermatteo d'Amelia, "Teachtaireacht an Aingil", c. 1487, Isabella Stewart Gardner Museum, Bostún. Ar fáil ag https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Piermatteo_d%27Amelia_-_Annunciation,_c._1475.jpg (Arna rochtain: 08/11/2021).

lch. 12 James Gillray, "Éireannaigh Aontaithe ar Dualgas", 12/06/1798. Ar fáil ag https://www.digitalcommonwealth.org/search/commonwealth:2z111j31q (Arna rochtain: 08/11/2021).
Sliocht curtha in oiriúint as dialann Elizabeth Richards in John D. Beatty (eag.), *Protestant women's narratives of the Irish rebellion of 1798*, (Baile Átha Cliath, Four Courts Press, 2001).

lch. 14 Tuairisc arna chóiriú as *The Newry Telegraph,* 20/12/1853.
Liosta paisinéirí arna chóiriú as https://www.immigrantships.net/v9/1800v9/marathon18531130_01.html (Arna rochtain: 19/05/2020).

lch. 16 Íomhánna ó http://source.southdublinlibraries.ie/bitstream/10599/5961/3/wm_Four%20Courts%20explosion %20 Meitheamh%201922.jpg (Arna rochtain: 13/11/2020),
https://twitter.com/NARIreland/status/800632350422003712/photo/2 (Arna rochtain: 13/11/2020),
https://beyond2022.ie/?page_id=429#&gid=f8621646&pid=16 (Arna rochtain: 13/11/2020),
https://beyond2022.ie/?page_id=429#&gid=f8621646&pid=9 (Arna rochtain: 13/11/2020).

lch. 17 Cuntas curtha in oiriúint ó chaint le Catriona Crowe, 27 Eanáir 2020, ar fáil ag https://soundcloud.com/tlrhub/all-that-remainedthe-four-courts-blaze-of-1922?in=tlrhub/sets/out-of-the-ashes (Arna rochtain: 11/11/2020).

lch. 21 Íomhá ó https://www.ni-travel.com/cavan-county-museum-teaches-us-respect/ (Arna rochtain: 17/12/20).

lch. 22 Curtha in oiriúint ó Gillian O'Brien, Beyond Storytelling: Exhibiting the past (Learpholl, John Moores University, 2020) ar fáil ag https://www.irishmuseums.org/uploads/downloads/publications/BeyondStorytelling-Exhibitingthepast-OBrien.pdf (Arna rochtain: 31/12/20).

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Stair

Déardaoin 9 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 - 3:30